| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| **2.** | An bhfaca tú comórtas riamh? | Did you ever see a competition? |
| **3.** | Ar ghlac tú páirt i gcomórtas riamh? | Did you ever take part in a competition? |
| **4.** | Ar thaitin scéalta faoi bhanphrionsaí leat agus tú óg? | Did you like stories about princesses when you were young? |
| **5.** | Cén saghas scéalta a thaitin leat nuair a bhí tú óg? | What kind of stories did you like when you were young? |
| **6.** | Cén saghas leabhair is maith leat anois? | What kinds of books do you like now? |

| | Campa Cúla4 - Lúibíní<br>TG4 | Camp Cúla4 - Lúibíní<br>TG4 |
|---|---|---|
| **1.** | Go mbeannaí Dia daoibh, a ghasúir agus bhur gcéad míle fáilte ar ais go Campa Cúla4 (cúla ceathair). | God bless you, kids, and welcome back to Campa Cúla4. |
| **2.** | Tá neart rudaí iontacha réitithe againn daoibh an tseachtain seo ach le tús a chur leis an lá inniu táimid ag dul lúibíní a phlé. | We have a lot of wonderful things prepared for you this week, but to start off today we are going to discuss *lúibíní*. |
| **3.** | Agus 'séard atá i gceist le lúibíní ná véarsaí fónta fileata le fonn traidisiúnta go hiondúil. | And what *lúibíní* are are good lyrical verses usually with a traditional tune. |
| **4.** | Bíonn beirt i gceist le lúibín agus bíonn an bheirt ag freagairt a chéile. | Two people are involved with a *lúibín* and the two respond to each other. |
| **5.** | Agus is minic a bhíonn siad ag sárú ar a chéile nó i gcoimhlint lena chéile. | And they are often contradicting each other or in conflict with each other. |
| **6.** | Agus is minic freisin go mbíonn dearcadh éagsúil ag an mbeirt óna chéile. | And it is often that the two have a different viewpoint from each other. |
| **7.** | Bíonn thart ar ceithre líne nó ocht líne i ngach véarsa. | There are four lines or eight lines in each verse. |
| **8.** | Agus casann an bheirt an curfá idir gach véarsa le chéile. | And the two sing the chorus between each verse together. |
| **9.** | Tá comórtais Oireachtais ann do lúibíní do ghasúir agus do dhaoine fásta. | There are Oireachtas competitions for *lúibíní* for children and for adults. |
| **10.** | Agus is fiú peann a chur le páipéar agus páirt a ghlacadh ann. | And it is worth putting pen to paper and taking part in it. |
| **11.** | Inniu, tá mise ag dul píosa de lúibín a chur i láthair agus seo lúibín atá cumtha ag Sorcha Ní Chéilleachair. | Today, I am going to present a piece of a *lúibín* and this is a *lúibín* that was composed by Sorcha Ní Chéilleachair. |
| **12.** | Agus 'siad an Prionsa agus Cinderella atá sa lúibín seo. | And it's the Prince and Cinderella that are in this lúibín. |
| **13.** | Agus is minic go mbíonn daoine gléasta sa gcarachtair ina bhfuil siad. | And often people are dressed up as the characters that they are. |
| **14.** | Agus is féidir le beirt bhan, beirt fhear, nó bean agus fear a bheith sa lúibín lena chéile. | And it's possible for two women, two men, or a woman and a man to be in the *lúibín* together. |
| **15.** | Sa scéal seo tá casadh beag ar an scéal. | And this story, there's a little twist in the story. |
| **16.** | Agus tá an Prionsa ag tóraíocht bean chéile. | And the Prince is seeking a wife. |
| **17.** | Agus tá Cinderella ag iarraidh go bpiocadh sé | And Cinderella is wanting him to pick her. |

| | | |
|---|---|---|
| | í. | |
| **18.** | Ach, tá go leor banphrionsaí eile ag an mbál chomh maith. | But there are a lot of other princesses at the ball as well. |
| **19.** | Feicfidh muid anois céard a tharlóidh. | We will see now what will happen. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | Cé mhéad duine a ghlacann part i lúibín? | How many people take part in a *lúibín*? |
| **2.** | Cé mhéad líne a bhíonn i ngach véarsa i lúibín? | How many lines are in each verse in a *lúibín*? |
| **3.** | Cé a chasann an curfá? | Who sings the chorus? |
| **4.** | Cé hiad na carachtair sa lúibín seo? | Who are the characters in this *lúibín*? |
| **5.** | Cad atá an prionsa ag iarraidh? | What does the prince want? |
| **6.** | Cad atá cearr le *Goldilocks*, dar le Luaithrín? | What is wrong with Goldilocks, according to Cinderella? |
| **7.** | Cén fáth gur maith leis an bprionsa Cochailín Dearg? | Why does the prince like Little Red Riding Hood? |
| **8.** | Cad atá cearr le Cochailín Dearg, dar le Luaithrín? | What is wrong with Little Red Riding Hood, according to Cinderella? |
| **9.** | Cé hiad "plúr na mban," dar leis an bprionsa? | Who are the "best of women," according to the prince? |
| **10.** | Cad atá cearr le hAnna agus le hElsa, dar le Luaithrín? | What is wrong with Anna and Elsa, according to Cinderella? |

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Fleá agus féasta, tá mé céasta, le roghnú atá bean bhreá. | Festival and feast, I am miserable, and must choose a beautiful wife. |
| **2.** | Is léir don dall a bhfuil ag an mbál, níl mé sásta agus mé faoi chrá. | It's clear even to the blind who is at the ball, I'm not happy and in anguish. |
| **3.** | Is mise an banphrionsa is breátha ar chlár an tsaoil. | I am the most beautiful princess on the surface of the earth. |
| **4.** | Is ní bhfaighfeá thusa bean eile ach an chailleach nó an tsraoill. | And you won't find another woman but an old or ragged woman. |
| | **<u>Curfá</u>** | **<u>Chorus</u>** |
| **5.** | **Is, ó, a *Cinderella*, neart mná eile ar mo thóir.** | **And, oh, Cinderella, many other women are after me.** |
| **6.** | **Óra, a *Phrionsa Charming*, is tú mo *darling* is mo stór.** | **Oh, Prince Charming, you're my darling and my love.** |
| **7.** | Tháinig bean faoi ghean an lá cheana agam is í lán le beocht is brí. | A woman came around to me the other day, full of spirit and vigor. |
| **8.** | "Beidh mise i mo bhanríon," a deir sí, "is beidh tusa i do rí." | "I will be a queen," she says, "and you will be a king." |
| **9.** | *Goldilocks*, an chailleach, an scubaid, ó mo léan. | Goldilocks, the hag, the hussy, alas. |
| **10.** | Ar ndóigh, bean a d'íosfadh leite réitithe ag béirín brocach bréan. | Of course, a woman who would eat porridge prepared by a grimy, smelly little bear. |
| | **Curfá** | **Chorus** |
| **11.** | Is mór an spórt í Cochailín, a Luaithrín ar ndóigh. | Little Red Riding Hood is great fun, Cinderella, of course. |
| **12.** | Í cneasta caoin, í mánla mín, is í flaithiúil le Mamó. | She kind and gentle, gracious and delicate, and generous with Grandma. |
| **13.** | Cochailín anois, ab ea? Sin Little Red Riding Hood. | *Cochailín*, is it? That's Little Red Riding Hood. |
| **14.** | Ach tá drochscéal agam duitse, tá sí leis an m*Big Bad Wolf*. | But I have bad news for you, she's with the Big Bad Wolf. |
| | **Curfá** | **Chorus** |

| | | |
|---|---|---|
| **15.** | Dá bhfeicfeá Elsa is Anna an lá cheana ar an trá. | If you were to see Elsa and Anna the other day on the beach. |
| **16.** | Iad beirt ar dhath an tsiúcra bhán, plúr na mban atá mé á rá. | Both of them the color of white sugar, the best of women I am saying. |
| **17.** | Ach a phleota, tá siad reoite, an bheirt is leisciúla. | But you fool, they are frozen, the two most lazy women. |
| **18.** | An cupán tae, ní fiú dóibh é, ná an fata féin a bhruith. | A cup of tea, it’s not worth the effort, or even to cook a potato. |
| | **Curfá x 2** | **Chorus x 2** |